

Geopháirc Dhomhanda UNESCO do cheantar Dhúiche Sheoigheach i nGaillimh agus Maigh Eo: na féidearthachtaí, na dúshláin agus an bealach chun cinn



A UNESCO Global Geopark for the Joyce Country area of Galway and Mayo: the possibilities, challenges and way forward



Tuairisc leis an Roinn Domhaneolaíochta agus Aigéan, OÉ Gaillimh, tiomsaithe agus scríofa ag Siobhán Power do Chomharchumann Dhúiche Sheoigheach Teoranta. Maoinithe ag Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann.

Report by Earth and Ocean Sciences, NUI Galway, compiled and written by Siobhán Power for Comharchumann Dhúiche Sheoigheach Teoranta. Finance was provided by Geological Survey Ireland.

Aistriúchán déanta ag Marie Ní Chríodáin agus Fionnuala Joyce. Translation by Marie Ní Chríodáin and Fionnuala Joyce

Siobhán Power March 2017.

Clár na n-Ábhar - Table of Contents

1.	Achoimre Outline	5
2.	An tAm Atá Caite & An Láithreach Past & Present	
2.1.	Cuspóir na Tuairisce seo The Objective of this Report	7
2.2.	Ionchur i bhForbairt na Tuairisce seo Input to the Development of this Report	8
2.3.	Geo-pháirc – Sainmhíniú Geopark – a Definition	10
2.4.	Stair Gheopháirc Árdmhéine Dhúiche Sheoigheach The History of Joyce Country Aspiring Geopark	12
3.	Carraigeacha – Ithir – Daoine Rocks - Soils - People	
3.1.	Geolaíocht Geology	15
3.2.	Tírdhreach Landscape	23
3.3.	Cultúr Culture	23
3.4.	Teanga Language	24
4.	An Taighde Seo This Study	
4.1.	Comhairliúchán Poiblí Public Consultation	27
4.2.	Comhairliúchán Páirtithe Leasmhara Stakeholder Consultation	30
5.	An Geopháirc The Geopark	33
5.1.	Rogha A: Beag Option A: Small	35
5.2.	Rogha B: Idirmheánach Option B: Medium	37
5.3.	Rogha C: Mór Option C: Large	40

6.	Uaillmhian Réalaíoch agus Indéanta A Realistic and Achievable Ambition	
6.1.	Láidreachtaí Strengths	42
6.2.	Laigí Weaknesses	42
6.2.1.	Geopháirc & Geoturasóireacht Geopark & Geotourism	42
6.2.2.	Struchtúr Bainistíochta & Plean Bainistíochta Management structure & management plan	44
6.2.3.	Maoiniú Finances	44
6.2.4.	Ceantar & Ainm Area & Name	44
6.3.	Deiseanna Opportunities	45
6.4.	Bagairtí Threats	46
7.	An Bealach Chun Cinn: An Plean 5 Bliana The Way Forward: The 5-year plan	
	2017	47
	2018	51
	2019	53
	2020	53
	2021	54
8.	Na Chéad Chéimeanna Eile Immediate Actions	56
9.	Aitheantais Acknowledgements	58
10.	Aguisíní Appendices	60

1. Achoimre

Tá iarthar na hÉireann cairbreach agus galánta de bharr an cnuasach carraigeacha éagsúla, an tírdhreach dealbhaithe ag oighir agus an cósta muir-it. Tá sé ar imeall mór-roinn agus de bharr stair na hÉireann, chomh maith le tíreolaíocht pholaitiúil agus fhisiciúil, d'éirigh leis pearsa ar leith a choinneáil agus an teanga dúchasach, na traidisiúin agus na ceirdeanna a chaomhnú. Tá na daoine oilte, cruthaitheach, forchéimnitheach, le mórtas féin-chinntitheach acu agus bródúlacht as a ndúchas agus a n-áit dhúchais.

Tá stair turasóireachta ann ach níl sé ag fás go cothrom i ngach ceantar, b'fhéidir mar gheall ar shaibhreas áiseanna turasóireachta nó easpa cumas Forbartha. Thosaigh an smaoineamh do Gheopháirc Dhúiche Sheoigheach sa bhliain 2008 leis an aidhm tuilleadh ioncam turasóireachta a thabhairt isteach san áit seo a bhíonn dearmad déanta air i dtuaisceart Chonamara agus i ndeisceart Mhaigh Eo.

D'éascair an tuairisc seo as athbhreithniú ar an ndul chun cinn go data agus trí phróiseas comhairliúcháin leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara idir dheireadh 2016 agus luath 2017 ar na céimeanna atá ag teastáil chun stádas Geopháirc Dhomhanda UNESCO a bhaint amach.

Ardaíodh stádas Geopháirceanna, a bhfuil breis is 120 acu timpeall na cruinne, go stádas iomlán UNESCO i 2015. Tá an stádas céanna acu anois is atá ag Ionaid Oidhreacht Domhanda ach amháin nach bhfuil aon chumhacht reachtaíochta acu agus nach gcuireann siad aon theorannú ar na ndaoine, na húinéirí talún ná ar thionscail i Geopháirc. Is uirlisí iad Geopháirceanna do fhorbairt inbhuanaithe.

1. Outline

The west of Ireland is rugged and beautiful due to its assemblage of diverse rocks and its ice-sculpted landscape and ocean-sculpted coastline. It is on the edge of a continent and due to Irish history and both political and physical geography, it has been able to retain an unique character, and preserve the native language, traditions and crafts. The people are educated, creative, progressive, have a sense of self-determination, and have a pride their origin and place.

There is a history of tourism but not all places are growing equally, possibly due to the wealth of tourism riches, or possibly due to access and a lack of capacity for growth. The idea for Joyce Country Geopark was born in 2008 with the aim to bring additional tourism revenue to this often over-looked area in north Connemara and south Mayo.

A detailed review of their progress and a public and stakeholder consultation process in late 2016 - early 2017 led to this report on the steps needed to progress the Geopark idea to achieving UNESCO Global Geopark status.

Geoparks, of which there are over 120 across the globe, were elevated to full UNESCO status in 2015. They are now equal in status to World Heritage Sites but they do not carry any legislative weight and do not impose restrictions on people, landowners or industry in a Geopark. Geoparks are tools for sustainable development.

Cé go dtógann sé roinnt blianta stádas UNESCO a bhaint amach, tá an próiseas ag oibriú i dtreo an iarratais tábhachtach do fhorbairt an táirge turasóireachta, na gréasáin ghnó agus ar ndóigh an Geopháirc *de facto*. Tá Geopháirceanna ann ‘don phobal, ón bpobal’ agus is ceiliúradh iad de gheolaíocht agus geomoirfeolaíocht (tírdhreach) a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta leis, chomh maith leis an slí bheatha, na traidisiúin, na cleachtais fheirmeoireachta agus an bia a d’fhabhraigh mar gheall ar an dtimpeallacht.

Thaispeáin an próiseas comhairliúcháin poiblí go raibh díograis don smaoineamh sa réigiún chomh maith le toilteanas a bheith páirteach in aon obair amach anseo. Tá roinnt míthuiscintí ann fós faoi theorannú agus ceisteanna faoin achar limistéarach agus ainm na Geopháirce Ardmhéine seo.

Tá trí rogha don achar agus don ainm tugtha sa tuairisc seo. Ba chóir d’aon phlé orthu breathnú ar an scéal geolaíochta, iniatacht nó eisiatacht na bpáirtithe leasmhara, agus féidearthachtaí maoinithe.

Go fadtéarmach, ní mór don réigiún táirge geoturasóireachta uathíúil agus tréan le torthaí intomhaiste a fhorbairt a thagann leis na tionscnaimh turasóireachta réigiúnacha agus náisiúnta chun é fhéin a thaispeáint mar chuid luachmhar den ngeilleagar náisiúnta. Caithfear é seo a dhéanamh chun maoiniú a mhealladh agus chun dul chun cinn inbhuanaithe agus soiléir a thaispeáint in iarratas na Geopháirce.

Sa todhchaí láithreach, tá trí gníomhaíochtaí ag teastáil ón Geopháirc Ardmhéine seo:

- 1) Struchtúr láidir bainistíochta a bhunú le Comhlacht Geopháirce chomh maith le Grúpa Stiúrtha le hionadaithe áitiúla agus ionadaithe os na páirtithe leasmhara, le bunreacht scríofa agus struchtúr le cathaoirleach a thogha.

Gaining UNESCO status takes many years but the process of working towards the application is important for the development of the tourism product, the business networks and above all, the *de facto* Geopark. Geoparks are ‘for the people, by the people’, and are a celebration of internationally important geology and geomorphology (landscape) and of the way of life, traditions, farming practices and food that have evolved in response to the environment.

The public consultation process revealed enthusiasm for the idea in the region and a willingness to engage with any future work. There are still misunderstandings over restrictions and questions over the areal extent and name of the Aspiring Geopark.

Three options for the area and name are given in this report. Discussions on them should consider the geological story, inclusion or exclusion of stakeholders, and funding possibilities.

In the long-term, this region will need to nurture an unique and robust geotourism product with measurable results which aligns with regional and national tourism initiatives in order to show itself as a valuable part of the national product. It will need to do this both to attract funding and to show clear and sustainable development progress for the Geopark application.

In the immediate future, the Aspiring Geopark needs to take three actions:

- 1) Commence a strong management structure with a Geopark Company and Steering Group of local and stakeholder representatives, with a written constitution and method of electing a chairperson.

- 2) Maoiniú a aimsiú chun cur leis an €20,000 ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann. Ba chóir go mbeadh buiséad €100,000 ag Geopháirc is í ag lánfheidhmiú.
- 3) Beirt lánaimseartha a fhostú – bainisteoir feidhme agus geolaí.

- 2) Secure funding in addition to the €20,000 from Geological Survey Ireland. A fully functioning Geopark should have an annual budget of €100,000.
- 3) Employ two full-time staff - an operations manager and a geologist.



Abhainn Bhéal Átha na mBreac ag Droichead an Mháma le Leic Aímhréidh sa chúlra. Tá an sliabh seo déanta as Grianchloichít na mBeanna Beola Dálriadach agus Eibhear Uachtar Ard.

Bealanabrack river at Maam Bridge with Lackavrea in the background. The mountain is composed of Dalradian Bannabeola Quartzite and Oughterard Granite.

2. An tAm Atá Caite & An Láithreach

2.1. Cuspóir na Tuairisce Seo

Sé aidhm na tuairisce seo ná treoir a thabhairt do:

1. Forbairt Geopháirc *de facto* agus
2. Iarratas rathúil le haghaidh stádas Geopháirc Dhomhanda UNESCO.

2. Past & Present

2.1. The Objectives of this Report

The objective of this report is to provide direction for:

1. *The development of a de facto Geopark and*
2. *The eventual successful application for UNESCO Global Geopark status.*

Chuir Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann (SGÉ) an maoiniú ar fáil atá faoi bhainistíocht Chomharchumann Dhúiche Sheoigheach Teo. (C.D.S. Teo.). Bronnadh an conradh ar an Roinn Domhaneolaíochta agus Aigéan de chuid OÉ Gaillimh trí phróiseas iomaíoch, agus sí Dr. Siobhán Power a rinne an obair. Bhí uirthi breathnú ar an obair a rinne an grúpa *ad hoc* Geopháirc Dhúiche Sheoigheach go dáta, measúnú a dhéanamh ar na féidearthachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann do Gheopháirc sa réigiún, agus ansin plean creatlach 5 bliana (2017 – 2021) a leagan amach don ghrúpa. Tá PhD ag Siobhán Power ó OÉ Gaillimh ar gheolaíocht Chonamara agus d'oibrigh sí ó Eanáir 2013 – Samhain 2015 mar gheolaí ar an dtogra Geoturasóireacht Mourne Cooley Gullion in Éirinn/Tuaisceart na hÉireann a bhí maoinithe ag INTERREG IVA. Ba chomhúdar í ar iarratas láidir Geopháirc Dhomhanda UNESCO chomh maith le h-oideachas, ateangaireacht agus ábhair mhargaíochta don togra sin. Is bailiúchán de dhaoine áitiúla atá ionadaíoch ar ghnóanna agus spéiseanna cultúrtha sa phobal iad an grúpa *ad hoc* a bhfuil tagairt déanta orthu sa tuairisc seo. Is grúpa deonach iad a thug Geopháirc Dhúiche Sheoighach chuig an staid seo agus a d'aimsigh roinnt maoiniú, maoiniú SGÉ san áireamh.

2.2. Ionchur i bhForbairt na Tuairisce seo

Is toradh í an tuairisc seo ar chúig gníomhaíochtaí:

- Athbhreithniú ar obair atá déanta go dtí seo ar an dtogra Geopháirc Dhúiche Sheoigheach. Chuir an grúpa *ad hoc* tuairiscí chuimsitheacha ar fáil ag cur síos an obair déanta ó 2008 agus cuspóirí reatha an ghrúpa chun an togra a chur chun cinn. Bhí na príomh-pháirtithe leasmhara, an ceantar agus an t-ainm aimsithe acu cheana féin.

Funding was provided by the Geological Survey Ireland (GSI) and managed by Comharchumann Dhúiche Sheoigheach Teo. (C.D.S. Teo.). The contract was awarded to Earth and Ocean Sciences at NUI Galway, through a competitive process, and the work was carried out by Dr Siobhán Power. She was required to look at the work already carried out by the *ad hoc* Joyce Country Geopark group, look at the potential for developing a geopark in the region, and then provide an outline 5-year plan (2017 - 2021) for the group. Siobhán Power has a PhD from NUI Galway on the geology of Connemara and worked from January 2013 - November 2015 as geologist on the INTERREG IVA funded Mourne Cooley Gullion Geotourism project in Ireland/Northern Ireland. She was co-author of a strong UNESCO Global Geopark application as well as providing education, interpretation, and marketing materials for that project. The *ad hoc* group referred to in this report comprises a small number of local people representing business and cultural interests in the community. They are part of the group in a volunteer capacity and have advanced the Joyce Country Geopark to this stage and have been successful in securing some funds, including the GSI funds.

2.2. Input to the Development of this Report

This report is as a result of the following five actions:

- A review of previous work carried out on the Joyce Country Geopark project. Comprehensive reports of previous work were supplied by the *ad hoc* group outlining the work carried out since 2008 and the current ambitions of the group to advance the project. They had already identified the main potential project stakeholders, the area, and the name.

- Iniúchadh simplí ar na scéalta geolaíochta, geomoirfeolaíochta (tírdhreach), cultúrtha agus daonna sa réigiún chun insint geoturasóireachta feiliúnach a fhorbairt.
- Cruinnithe duine le duine leis na príomh-pháirtithe leasmhara, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Comhairle Chontae Mhaigh Eo, Fáilte Éireann agus Údarás na Gaeltachta san áireamh.
- Trí cruinnithe eagraithe i gCorr na Móna, An Teach Dóite agus Tuar Mhic Éadaigh chun muintir an réigiúin a thabhairt suas go dáta maidir leis an ndul chun cinn san obair a bhaineann leis an nGeopháirc agus deis a thabhairt dóibh na féidearthachtaí a bhaineann le bheith mar chuid de Gheopháirc Dhomhanda UNESCO a phlé. D'éagraigh agus reachtaigh C.D.S. Teo. na cruinnithe agus chuir Siobhán Power i láthair iad. Fógraíodh na cruinnithe ar fad go háitiúil agus tugadh cuireadh pearsanta d'ionadaithe poiblí. Is i stíl 'halla baile' a bhí na cruinnithe le cur i láthair gairid déanta agus ansin deis tugtha don lucht féachana ceisteanna a chur agus an smaoineamh a phlé. Lean na cruinnithe ar fad ar feadh breis is 2.5 uair a chloig mar go raibh leibhéal an phlé an-díograiseach. Rinneadh taifead ar na ceisteanna agus úsáideadh na ceisteanna agus freagraí chun tuairisc a scríobh d'fhaomhadh an lucht freastail.
- Athbhreithniú ar chur ar fáil oideachas geolaíochta ag gach leibhéal ó naíonra go foghlaim fad-saoil.
- Simple audit of the geological, geomorphological (landscape), cultural and human stories in the region for the development of a suitable geotourism narrative.
- One-to-one meetings with representatives of the main stakeholders, including Galway County Council, Mayo County Council, Fáilte Ireland, and Údarás na Gaeltachta.
- Three public meetings held in Cornamona, Maam Cross and Tourmakeady to update the people who live in the region on the progress of the Geopark work and to allow them to discuss what it means to be part of a UNESCO Global Geopark. The meetings were organised and run by C.D.S. Teo and hosted by Siobhan Power. All meetings were advertised locally and public representatives were personally invited. They were 'town hall' in style, where a very short presentation was given and then the audience was invited to ask questions and discuss the idea. Each meeting lasted over 2.5 hours such was the enthusiastic level of the discussion. Questions were recorded and the questions and answers were used to compile a report for the approval by the attendees.
- Review of geoscience education provision for all levels from pre-school to life-long learning.

2.3. Geopháirc – Sainmhíniú

Déanann UNESCO sainmhíniú ar Gheopháirc mar cheantair tíreolaíochta aontaithe amháin le suíomhanna agus tírdhreacha a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta leo atá bainistithe le coincheap iomlánaíoch de chosaint, oideachas agus forbairt inbhuanaithe. Úsáideann Geopháirc Dhomhanda UNESCO a n-oidhreacht gheolaíochta, chomh maith le gach gné eile d'oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha an cheantair, chun feasacht agus tuiscint na bpríomhfhadhbanna sa tsochaí a fheabhsú, ar nós acmhainní ár ndomhan a úsáid i mbealach inbhuanaithe, éifeachtaí athrú aeráide a mhaolú agus rioscaí bainteach le tubaistí nádúrtha a laghdú. Trí fheasacht a ardú ar thábhacht oidhreacht gheolaíochta an cheantair i stair agus sochaí an lae inniu, tugann Geopháirceanna Domhanda UNESCO bród do dhaoine áitiúla as a réigiún agus a n-aitheantas leis an gceantar a láidriú. Spreagtar fiontair nuálacha áitiúla, poist nua agus cúrsaí oiliúna ar ardchaighdeán a chruthú fad is atá foinsí maoinithe nua cruthaithe trí gheoturasóireacht chomh maith le cosaint ar acmhainní geolaíochta sa cheantar.

Cruthaíodh Geopháirceanna thart ar 20 bliain ó shin trí dhaoine ag lorg bealaí éagsúla leis an dtalamh agus a stair a cheiliuradh chomh maith le spreagadh a dhéanamh ar fhorbairt inbhuanaithe ar mhaithe le ceantair thuaithe a fheabhsú. Bunaíodh an Gréasán Geopháirceanna Domhanda i 1998 agus an Gréasán Geopháirceanna Eorpaigh i 2000. Tá breis i 120 Geopháirceanna ar fud an domhain faoi láthair. I 2015, ardaíodh Geopháirceanna chuig stádas UNESCO iomlán.

Is é UNESCO Eagrais Cultúrtha, Eolaíochtúil agus Oideachasúil na Náisiúin Aontaithe agus bunaíodh i 1945 é. Tá 195 baill stáit aige agus sé an aidhm atá aige ná Síochán a thógaint in intinn fhir agus mhná.

2.3. Geopark – a Definition

UNESCO defines a Geopark as, “... *single, unified geographical areas where sites and landscapes of international geological significance are managed with a holistic concept of protection, education and sustainable development. A UNESCO Global Geopark uses its geological heritage, in connection with all other aspects of the area’s natural and cultural heritage, to enhance awareness and understanding of key issues facing society, such as using our earth’s resources sustainably, mitigating the effects of climate change and reducing natural disasters-related risks. By raising awareness of the importance of the area’s geological heritage in history and society today, UNESCO Global Geoparks give local people a sense of pride in their region and strengthen their identification with the area. The creation of innovative local enterprises, new jobs and high quality training courses is stimulated as new sources of revenue are generated through geotourism, while the geological resources of the area are protected.*”

Geoparks have come into existence in the last 20 years as people looked for ways to celebrate the earth and its history and to encourage sustainable development for the improvement of rural areas. The Global Geoparks Network was formed in 1998 and the European Geoparks Network was formed in 2000. There are currently over 120 Geoparks across the globe. In 2015, Geoparks were elevated to full UNESCO status.

UNESCO is the United Nations Educational, Scientific, and Cultural Organisation and was formed in 1945. It has 195 member states and its aim is “*Building peace in the minds of men and women.*”

Is iad na gnéithe bhunúsacha atá ag gach Geopháirc Dhomhanda UNESCO ná go bhfuil siad in áiteanna le h-oidhreacht gheolaíochta a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta bainteach leo, struchtúr bainistíochta inbhuanaithe agus láidir ann, féidearthacht agus cumas do líonrú agus léargas ann.

Bíonn forbairt ar Gheopháirceanna ón mbun aníos agus mar sin, déanta ag an bpobal, don phobal. Níl aon chumhacht reachtaíochta ná teorannú acu sa bhreis ar na cinn atá ann cheana féin faoi dhlí áitiúil, náisiúnta nó AE. Ba chóir do Gheopháirceanna forbairt áitiúil a chur chun cinn agus a bheith ann ar leasa cultúrtha, oideachasúil agus airgeadais na ndaoine a bhfuil cónaí orthu laistigh den Gheopháirc.

Tá 10 eochar-ghnéithe de Gheopháirceanna, mar atá aitheanta ag UNESCO, atá ann ar leasa na ndaoine ina gcónaí i ngeopháirc; acmhainní nádúrtha, contúirtí gheolaíochta, athrú aeráide, oideachas, eolaíocht, cultúr, mná (cearta comhionanna agus cumhachtú), forbairt inbhuanaithe, eolas áitiúil agus dúchasach, geochoimhín.

I láthair na huaire, tá trí Geopháirceanna ar oileán na hÉireann le stádas Geopháirc Dhomhanda UNESCO; An Cósta Copair i gCo. Phort Láirge; An Boireann agus Aillte an Mhothair i gCo. an Chláir; agus go tras-teorannach Uaimheanna Áirse Marmar sna contaetha Fear Manach agus Cabhán. Tá na trí cinn mar bhaill den bhFóram Geopháirceanna Éireannach, an Gréasán Geopháirceanna Eorpaigh agus an Gréasán Geopháirceanna Domhanda. Tá breis is 120 Geopháirc Dhomhanda UNESCO ar fud an domhain.

The fundamental features of all UNESCO Global Geoparks are that they are areas with geological heritage of international importance, a robust and sustainable management structure, visibility and networking capabilities and potential.

Geoparks are developed with a 'bottom-up' approach and therefore are by the people, for the people. They have no legislative powers and carry no restrictions in addition to those already in place by local, national or EU law. Geoparks should promote local development and be for the cultural, educational and financial benefit of the people living within the Geopark.

There are 10 key aspects of Geoparks, as identified by UNESCO, which benefit geopark inhabitants; natural resources, geological hazards, climate change, education, science, culture, woman (equal rights and empowerment), sustainable development, local and indigenous knowledge, geoconservation.

There are currently three UNESCO Global Geoparks on the island of Ireland; Copper Coast in Co. Waterford; the Burren and the Cliffs of Moher, Co. Clare; and cross-border Marble Arch Caves in counties Fermanagh and Cavan. All three are members of the Irish Geoparks Forum, the European Geopark Network and the Global Geopark Network. There are over 120 UNESCO Global Geoparks across the world.



Comhartha do Cheantar Dhúiche Sheoigheach ar an Mám. Is bealach sean-bhunaithe a bhfuil comharthaíocht mhaith air sa cheantar.

The Joyce Country Drive sign at Maam. The drive is a well-established and well sign-posted driving route in the area.

2.4. Stair Gheopháirc Ardmhéine Dhúiche Sheoigheach

Thosaigh an smaoineamh ar Gheopháirc Dhúiche Sheoigheach siar i 2008 nuair a d'aithin baill Choiste Turasóireachta Dhúiche Sheoigheach (TDS) go bhféadfadh geoidhreacht shaibhir an cheantair tuilleadh cuairteoirí a mhealladh agus an eacnamaíocht áitiúil a fheabhsú. Sé TDS an Coiste Forbartha do Thurasóireacht Dhúiche Sheoigheach sa cheantar. Rinneadh an chéad teagmháil le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann agus tugadh cuireadh do TDS cur i láthair a dhéanamh ag cruinniú bliantúil de chuid Fóram Geopháirc na hÉireann i 2009. Reachtáladh an cruinniú san Fháirche i 2010 agus tá ionadaí ó Geopháirc Ardmhéine Dhúiche Sheoigheach ag déanamh cur i láthair ag an gcruinniú bliantúil ó shin i leith. Meastar gur Geopháirc ardmhéine í mar go bhfuil suim sa cheantar go mbeadh Geopháirc ann agus is fiú an gheolaíocht an stádas. Chomh maith leis na trí Geopháirceanna atá in Éirinn, tá roinnt Geopháirceanna ardmhéine ann: Corcaigh, Ciarraí, Cósta Chlochán an Aifir agus Gleannta in Aontroim; agus Múrna & Gullion i nDún agus Aontroim.

2.4. The History of Joyce Country Aspiring Geopark

The origin of the idea of a Joyce Country Geopark dates back to 2008 when it was identified by members of Coiste Turasóireachta Dhúiche Sheoigheach (TDS) that the rich geoheritage of the region could potentially attract more visitors and enhance the local economy. TDS is the Joyce Country Tourism Development group in the area. First contact was made with the Geological Survey Ireland and TDS were invited to make a presentation to the annual meeting of the Irish Geopark Forum in 2009. The meeting was held in Clonbur in 2010 and a representative of Joyce Country Aspiring Geopark has been presenting at the annual meeting since then. It is considered an aspiring Geopark as there is interest in the area to have a Geopark and it is geology worthy of the status. Along with the three existing Geoparks in Ireland there are a number of aspiring Geoparks; Cork; Kerry; The Causeway Coast and Glens in Antrim; and Mourne & Gullion in Down and Antrim.

Rinne grúpaí éagsúla ar an Fháirche agus i gCorr na Móna obair ar thograí ar leasa na Geopháirce ardmhéine, forbairt agus cur chun cinn bealach siúlóide an Seanbhóthair idir an dhá shráidbhaile, seoladh na siúlóide ó Chonga Feichín go dtí an Fháirche, athchóiriú iontach ar Shéipéal na Naomh ar an Fháirche (le féidearthacht ann mar ionad Geopháirce, áit thaispeántais, nó oifig), an scéim phíolótach ar obair rochtana sléibhe ar Bhinn Shléibhe (sampla tábhachtach de chomhoibriú idir úinéir talún agus úsáideoir sléibhe caitheamh aimsire), agus an togra Saol i gConga Feichín san áireamh. Samplaí eile d'imeachtaí rathúla a reachtáladh ar mhaithe le cur chun cinn an choincheapa Geopháirce ná feachtas bailiúchán le suipéar sceanra chomh maith le siúlóidí gheo-oidhreacht agus féile léachta ('Geofeis') san áireamh. Is bealaí mhaith iad seo chun tacaíocht áitiúil a fháil don smaoineamh agus chun na línte teagmhála a choinneáil oscailte. Chun tacaíocht ó pháirtithe leasmhara móra a fháil, bunaíodh grúpa d'arb ainm 'Cairde Gheopháirc Dhúiche Sheoigheach' agus tugadh cuireadh do lucht acadúla bheith san áireamh agus comhairle ón dtaobh oideachasúil den nGeopháirc a thabhairt. Reachtáladh cruinnithe rialta den ghrúpa *ad hoc* chun an togra a chur chun cinn agus breathnú ar roghanna maoinithe. D'fhreastal ionadaithe áitiúla ar na cruinnithe seo chomh maith le baill ó Shuirbhéireacht Gheolaíocht na hÉireann, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Comhairle Chontae Mhaigh Eo, Fáilte Éireann agus Údarás na Gaeltachta a fuair cuireadh le freastal. Le blianta beaga anuas, ceadaíodh maoiniú don ghrúpa *ad hoc* ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann.

Various groups in Clonbur and Cornamona have worked on projects of benefit to the aspiring Geopark including the development and promotion of the Seanbhóthar walking route between the two villages, the launch of the Cong to Clonbur walk, the impressive restoration of the All Saints church in Clonbur (with potential use as a Geopark centre, exhibition area, or office), the pilot mountain access work on Mount Gable (an important example of landowner and recreational mountain user cooperation), and the Coillte Life Project in Cong. Other successful community events in promotion of the Geopark concept have been run including a fund-raising 'fork-supper' as well as a geoheritage walks and lecture festival ('Geofeis'). All of these are great ways of getting local support for the idea and keeping open the established lines of communication. For support from the larger stakeholders, a group called 'Friends of Joyce Country Geopark' was set up and academics were invited to join and give advice on the educational side of the Geopark, and regular meetings of the ad hoc group were held to advance the project and look at funding options. These meetings were attended by local representatives and invited members from Geological Survey Ireland, Galway County Council, Mayo County Council, Fáilte Ireland, and Údarás na Gaeltachta. In the last few years, funds were awarded to the *ad hoc* group by Galway County Council and Geological Survey Ireland.

Meallann an ceantar grúpaí ollscoile ó ollscoileanna Éireannacha agus idirnáisiúnta i gcónaí mar gur áit fhoirfe í do scoláirí ag foghlaim cén chaoi le mapáil agus is bunáit fhoirfe í le taisteal chuig áiteanna eile i gConnamara chun codanna eile den scéal geolaíochta a fheiceáil. Bíonn a chéad thuras allamuigh ag James Madison University ó Virginia sna Stáit Aontaithe i nDúiche Sheoigheach gach bliain (Sé 2017 a gcomóradh 20 bliain ag tabhairt cuairt ar an gceantar seo), agus bíonn turais allamuigh bliantúla ag Coláiste na hOllscoile Bhaile Átha Cliath, Ollscoile na hÉireann, Corcaigh agus Leeds University chuig an ceantar seo chomh maith. Úsáidtear an ceantar seo do mhodhanna oibre gheolaíochta allamuigh éagsúla eile ar chúrsaí oiliúna cosúil le traenáil i modhanna geofhisciúla a bhíonn reachtáilte ag an 'Irish Association for Economic Geology'. Is féidir le scoláirí fanacht in Ionad Oideachais Cheapach na gCapall, reachtáilte ag Bord Oiliúna agus Oideachais Gaillimh agus Ros Comáin (BOOGR), agus cuireann a láithreacht le h-eacnamaíocht na Fáirche agus an ceantar mórthimpeall. Is margadh tábhachtach é an t-oideachas don cheantar agus d'aon fhorbairt Gheopháirce a d'fhéadfadh tarlú. Gaolta leis seo, d'eagraigh An tOll. Bernard Elgey Leake *"A new map and interpretation of the geology of part of Joyces Country, Counties Galway and Mayo"*. Foilsíodh é i 2014 mar imleabhar de *The Journal of Earth Sciences* agus beidh sé mar acmhainn fíorluachmhar do gheolaithe ag leanacht ar aghaidh ag obair agus ag déanamh taighde sa réigiún.

Is ualach oibre é seo ach tá cuid mhaith dó tiomanta ar bhonn deonach agus tá sé deacair díograis chuig togra mar seo a choinneáil ar feadh blianta fada. Ní mór do na chéad chéimeanna eile bheith tógtha ag fostaithe íoctha ach beidh an cúnamh pobail agus deonach leanúnach riachtanach.

The region has always attracted university groups from Irish and international universities as it is a perfect place for students to learn how to map and it is a perfect base from which to travel to other parts of Connemara to see other parts of the geological story. James Madison University in Virginia, USA, hold their field camp in Joyce Country every year (2017 is their 20th anniversary for visiting this region), and UCD, UCC and Leeds University have annual field trips to this region. The area is also used for various other geological field methods training courses such as geophysical methods training run by the Irish Association for Economic Geology. Students often stay in Petersburg Outdoor Education Centre, run by Galway and Roscommon Education and Training Board (GRETb), and their presence adds to the economy of Clonbur and surrounds. The education market is an important one for the area and for any potential Geopark development. Related to this, the geologist Prof Bernard Elgey Leake compiled "A new map and interpretation of the geology of part of Joyces Country, Counties Galway and Mayo". It was published in 2014 as a volume of *The Irish Journal of Earth Sciences* and will be an invaluable resource for geologists who continue to work in and research the region.

This is a considerable amount of work but much of it is driven on a voluntary basis and it is difficult to sustain commitment to a project like this for many years. The next steps will have to be undertaken by paid staff but the continuing community and voluntary assistance will be essential.

3. Carraigeacha – Ithir – Daoine

3.1. Geolaíocht

Tá geolaíocht Chonamara agus Mhaigh Eo saibhir agus éagsúil. Tá an éagsúlacht de chineálacha carraigeacha in Éirinn is mó in iarthar na hÉireann. Is féidir na carraigeacha agus tírghnéithe an lae inniu sa réigiún seo a úsáid chun an stair gheolaíochta a rianú ó thart ar 700 milliún bliain ó shin go dtí deireadh an oighrithe deiridh 13,000 bliain ó shin, chomh maith le gluaiseacht na hÉireann ó dheas den mheánchiorcal go dtí an suíomh ina bhfuil sí anois 53 céim ó thuaidh den mheánchiorcal. Braitheann fairsinge an scéala geolaíochta ar achar na Geopháirce agus cuirfear trí rogha dó seo i láthair i roinn 5 (leathanach 30) den dtuairisc seo. Tá an achoimre ar scéal geolaíochta thíos bunaithe ar achar ó Chuan Mó ó thuaidh, Cuan na Gaillimhe ó dheas, Loch Coirib, Loch Measca, agus Loch Ceara thoir agus Aigéan an Atlantaigh thiar. Ba chóir stair gheolaíochta níos sonraithe le n-úsáid i leith na Geopháirce a chur le chéile mar chuid de Gheopháirc fheidhmiúil.

Nóta – tá an gheolaíocht ilchasta agus bhítí mar chuid de staidéar fad-saoil ag riar mhaith geolaithe in Éirinn, sa Bhreatain agus níos faide ó bhaile. Ciallaíonn a h-ilchastacht agus a thionchar ar ár dtuiscint in áiteanna eile de gheolaíocht, go háirithe i dteicteoinic phlátaí, go bhfuil tábhacht idirnáisiúnta bainteach leis.

Bhíodh aigéan ann tráth ag scarúint an chuid theas agus thuaidh den tír a bhfuil aithne againn uirthi mar Éireann. Bhíodh carraigeacha dríodair ar imeall an aigéin agus nuair a dhún an t-aigéan bhuail na codanna ó thuaidh agus ó dheas a chéile, dhíchumadh na carraigeacha seo agus athraíodh go carraigeacha difriúla iad. De réir mar a bhuail a dhá chuid a chéile, tharla gníomhaíocht bholcánach agus sháigh carraig leáite isteach sa screamh. Faoi dheireadh, bhí

3. Rocks - Soil - People

3.1. Geology

The geology of Connemara and south Mayo is rich and varied. The west of Ireland has the greatest diversity of rock types in Ireland. The rocks and landforms present today in this region can be used to track the geological history from approximately 700 million years ago to the end of the last glaciation 13,000 years ago, and Ireland's movement from south of the equator to its current position 53 degrees north of the equator. The breadth of the geological story depends on the area covered by the Geopark and three options for this will be presented in section 5 (page 30) of this report. The summary geological story presented below is for the area from Clew Bay in the north, Galway Bay in the south, Lough Corrib, Lough Mask, and Lough Carra to the east and the Atlantic Ocean to the west. A more detailed geological history specifically for use in relation to the Geopark should be compiled as part of a functioning Geopark.

Note - the geology is complex and has been the lifelong study of many geologists in Ireland, Britain and further afield. Its complexity and its contribution to our understanding of other areas of geology, in particular plate tectonics, means it is of international importance. It also means that the full geological history, as we know it, cannot be confined to a page or two. The simplest version of the region is as follows:

There once was an ocean separating the northern and the southern parts of what we now know as Ireland. The margins of the ocean had sedimentary rocks and when the ocean closed and the northern and southern parts crashed into each other, these rocks were deformed and changed into different rocks. As the two parts collided, there was volcanic activity and the intrusion of melted rock into

an t-aigéan imithe, cruthaíodh sléibhte arda agus líonadh abhantracha le dríodair. Shéalaigh an carraig nua faoin ndromchla na plátaí le chéile. Tharla sé seo ar fad níos giorra don Phol Theas. Thart ar 200 milliún bliain ina dhiaidh sin, bhog Éireann ó thuaidh chuig Na Trópaicí agus clúdaíodh í le h-aigéin te, soiléir agus sceir choiréil, áit a thosaigh aolchloch á mhúnlú. Lean Éireann ar aghaidh ar a turas ó thuaidh chuig a suíomh reatha, áit a thosaigh an tAtlantach ag oscailt.

Tá níos mó ilchastacht curtha leis an gcuid seo a leanas agus tá léiriú breise sa mhapa geolaíochta ar leathanch 20.

Neoprótarasóch - 700 bliain ó shin (Mbós) Tháinig scoilt in ilchríoch nó forilchríoch agus rugadh aigéan. Glaonn muid lapetus ar an aigéan sin mar gurb é an t-aigéan a tháinig roimh an aigéan Atlantach agus b'é lapetus athair Atlais (Atlantach a chiallaíonn Muir Atlais) i miotaseolaíocht Ghréigeach. Thug an ilchríoch scoilte dríodair cosúil le láib, gaineamh agus gairbhéal leis agus cuireadh isteach san aigéan nua iad agus cruthaíodh aolchloch san uisce éadomhain. Tharla ionsá agus easbhrú de bhruthcharraigeacha mar thoradh ar scoilteadh gníomhach. Seo é tús an phróisis a chríochnódh ina Dhálriadach Chonamara sa deireadh. Ceaptar go dtagann an nathairínít atá ar fáil ar fhánaí thuaidh Chruach Phádraig ón ré seo agus go léiríonn sé urlár an Aigéin lapetus.

Ordaiviseach - thart ar 490 go 440 Mbós. Bhí an tAigéan lapetus ag dúnadh leis an bhfodhuchtú de theicteonaic phlata faoin cheann eile, le fás stuanna oileáin bholcánacha, agus le meiteamorfacht charraigeacha réamhbheitheacha mar thoradh ar theas agus brú. Siad an aimsir agus creimeadh ba chúis le bogadh na ndríodair agus an bailiúchán na ndríodair seo in abhantracha agus i gceantair íseal.

the crust. Finally the ocean was gone, high mountains had formed and basins were filled with sediment. New rock beneath the surface sealed the plates together. All this happened closer to the South Pole. Around 200 million years later, Ireland had moved north to the tropics and was covered by warm, clear seas and coral reefs where limestone began to form. Ireland continued on its journey north to its present location where the Atlantic began to open.

The following has a little more complexity added and is further illustrated by the geology map on page 20.

Neoproterozoic - 700 million years ago (Ma). A rift formed in a continent or supercontinent and an ocean was born. We refer to that ocean as lapetus, because it was the ocean preceding the Atlantic ocean and lapetus was the father of Atlas (Atlantic meaning Sea of Atlas) in Greek mythology. Sediments such as mud, sand and gravel were carried off the separating continent and deposited into the new ocean, and limestone formed in the shallow waters. There was intrusion and extrusion of igneous rocks due to the active rifting. This was the start of what would eventually become the Dalradian of Connemara. The serpentinite to be found on the northern slopes of Croagh Patrick is also thought to be from this period and represents the lapetus Ocean floor.

Ordovician - approximately 490 to 440 Ma. The lapetus Ocean was closing with the subduction of one tectonic plate beneath another, the growth of volcanic island arcs, and the metamorphism of pre-existing rocks due to the increase of heat and pressure. Weathering and erosion caused the movement of sediments and the accumulation of these sediments in basins or low-lying areas. Rocks of Ordovician age

Déanann Carraigeacha Ordaiviseacha suas an chuid is mó de na carraigeacha sa réigiún seo. Is féidir iad a roinnt i 5 ceantair ar a laghad trí gníomhach theicteonaic. Níl siad liostáilte san ord a tharla siad.

1. Dálriadach Chonamara - Seo hiad na driodair a bhí ann ón Neoprótarasóch ach chuaigh siad trí thréimhsí fillteacha agus meiteamorfachta san Ordaiviseach nuair a bhuail an dhá chuid d'Éireann a chéile ag dúnadh an tAigéan Iapetus. Tá an Dálriadach, atá mar chuid de ghrúpa mór carraigeacha a fhaightear in áiteanna eile in Éirinn agus Albain, le feiceáil i gConamara ó Uachtar Ard go dtí an cósta thiar. Déanann sé suas na sléibhte charraigeacha ar na nglaothar na Mám Toirc agus na Beanna Beola. Faightear ón Mám go Corr na Móna é chomh maith.
2. Stua Loch na Fuaiche - sraith carraigeacha ar bhonn bolcánach timpeall ar Loch na Fuaiche ón Ordaiviseach Luath. Ceaptar go léiríonn siad gníomhaíocht fodhuchtú-gaolta ón uair a dhún an tAigéan Iapetus. Tá nochtadh bhasailt adhartach mórthaibhseach le fáil iontu i bhFionnaithe. Tá carraigeacha cosúil leo ar fáil i gConamara theas.

make up the majority of the rocks in this region. They can be divided into at least 5 areas by tectonic activity. They are not necessarily listed in the order of their occurrence.

1. Connemara Dalradian - these were sediments that were present since the Neoproterozoic but underwent many phases of folding and metamorphism in the Ordovician as the two parts of Ireland collided at the closure of the Iapetus Ocean. The Dalradian, which is part of a large group of rocks found in other parts of Ireland and Scotland, is exposed in Connemara from Oughterard to the west coast. It forms the rocky mountains of the Maamturks and the Twelve Bens. It is also found from Maam to Cornamona.
2. Lough Nafooney Arc - a series of rocks of volcanic origin around Lough Nafooney from the Early Ordovician. They are thought to represent subduction-related activity at the closure of the Iapetus Ocean. They include a spectacular exposure of pillow basalts in Finny. Similar rocks are found in south Connemara.



Ar Chlé: Miogmaitít ó theas den Teach Dóite
Left: Migmatite from south of Maam Cross.



Ar Dheis: Marmar Chonamra ó Loch Dhoire an Chláir
Right: Connemara marble from Derryclare Lough.

3. Bruthghníomhaíocht i gConamara - trí sraith ar leith: 1) lonsánna gabró gar do Leitir Fraic agus sa cheantar thart ar Bhaile Conaola. 2) Eibhear Uachtar Ard - nochtaithe neamhleanúnacha ó Uachtar Ard go Gleann an Mháma. Tá dátú déanta ar na sraitheanna seo agus tá mapáil chúramach déanta ar a ngaol leis na carraigeacha timpeall orthu. Tá siad suntasach go heolaíoch mar go bhfuil an t-eibhear sáite i ngíomhaíochtaí fillteacha den nDálriadach Chonamara agus mar sin chuir sé srianta ama ar an ngíomhaíocht fhillteach. Chuir sé seo le dul chun cinn ár dtuisceana ar stair gheolaíochta an réigiúin. 3) Riailít na bhFoirmíocht Chruinneacháin Uí Dhubhshláine idir Baile Conaola agus Cloch na Rón.

4. Umar Mhaigh Eo Theas - deascáin dhriodair i dtimpeallachta abhann, mara éadomhain agus mara domhain. Tá an méid mór dríodair ann mar thoradh ar rátaí creimeadh níos airde ó na sléibhte

3. Igneous activity in Connemara - three distinct phases: 1) Intrusions of gabbro close to Letterfrack and in the area around Ballyconneely. 2) Oughterard Granite - discontinuous exposures from Oughterard to the Maam Valley. Both of these phases have been dated and their relationship with the surrounding rocks have been mapped carefully. They are significant scientifically as the granite is intruded into particular folding events of the Connemara Dalradian and therefore put time constraints on the folding activity. This advanced our understanding of the geological history of the region. 3) Rhyolite of the Delany Dome Formation between Ballyconneely and Roundstone.

4. South Mayo Trough - sediments deposited in river, shallow marine and deep marine environments. The large amount of sediment is due to increased erosion rates from the newly formed

airde nua chruthaithe. Faightear toradh an sraithe seo ó Chruach Phádraig go Sléibhte Phartaí agus An Caoláire Rua.

5. Mélange ag Leic Ainimhe, gar do Mhuraisc - bailiúchán dríodair scríobtha ón bpláta ar an mbealach síos fad a bhfodhuchtaíodh agus buaileadh iad anuas ar a chéile ag teacht le chéile an dhá phláta.

Siolúrach - thart ar 440 go 420 Mbós. Dúnadh críochnúil an Aigéin Iapetus. Bhí gníomhaíocht theicteonaic íslithe go mór faoin am seo agus bhí an dhá chuid a bhfuil aithne againn uirthi mar Éireann le chéile. Bhí tréimhse d'ardú agus ísliú leibhéil na mara nuair a bhí an talamh clúdaithe ag an muir go tréimhsiúil. Faightear gaineamhchloch, comhcheirtleán, láibhchloch agus méideanna beaga luaithreamhán bolcánach (tuff) ar theorainn Ghaillimh-Mhaigh Eo thiar os na locha, cladach Loch Measca, agus idir Loch Measca agus Loch Coirib i nDúiche Sheoigheach go príomha. Go hiondúil, déanann siad suas sléibhte féar-chlúdaithe Chonamara i gcodarsnacht leis na sléibhte carraig lom Chonamara. Chomh maith leis sin, faightear grianchloichítí, gaineamhchlocha, agus comhcheirtleáin ó dheas de Chuan Mór, thart ar Chluain Cearbán agus Cruach Phádraig. Tá an dhá shuíomh Siolúrach mar chuid de na géaga thuaidh agus theas de chuid Umar Mhaigh Eo Theas.

high mountains. This resulting sequence of rocks is found from Croagh Patrick to the Partry Mountains and Killary Harbour.

5. Melange at Leckanvy, close to Murrisk - a collection of sediments scraped off the down-going plate as it was subducted and piled together at the meeting of the two plates.

Silurian - approximately 440 to 420 Ma. Final closure of the Iapetus Ocean. Tectonic activity was much reduced by this time and the two parts of what we now know as Ireland were together. There was a period of sea-level rise and fall when the land was covered by sea periodically. Silurian sandstone, conglomerate, mudstone and minor amounts of volcanic ash (tuff) are found mainly along the Galway-Mayo border west of the lakes, on the western shore of Lough Mask, and between Lough Mask and Lough Corrib in Joyce Country. They tend to form grass-covered mountains in contrast to the bare-rock mountains of Connemara. Quartzites, sandstones, and conglomerates are also found south of Clew Bay around Louisburg and Croagh Patrick. The two Silurian locations are part of the northern and southern limbs of the South Mayo Trough.



C: Comhcheirtleán Ordaiviseach thiar ó Loch na Fuaiche
L: *Ordovician conglomerate east of Lough Nafooe.*



D: Coiréileach Rocach Carbónmhar taobh amuigh de Chonga
R: *Carboniferous Rugose coral from outside Cong.*

Deavónach - thart ar 420 go 360 Mbós. Leis an dúnadh críochnúil den Aigéan Iapetus agus an giniúint de chrios sléibhe ollmhór, tharla leá i screamh an Domhain. Déanann an próiseas fuairithe den leá nó magma seo bruthcharraig an-chrua. Tá roinnt bruthchoirp ón ré Deavónach in iarthar na hÉireann. Glaotar Eibhear Bhatailite na Gaillimhe ar an mbailiúchán is mó (bailiúchán de bruthchoirp seachas corp aonarach amháin). Tá sé thart ar 400 milliún bliain d'aois agus síneann sé ó Bhóthar na Trá chomh fada leis na háiteanna is faide siar i gContae na Gaillimhe. Faightear corp mór ar an aois céanna, gurb ainm eibhear Crovock, i Maigh eo, thoir theas de Chluain Cearbán. Tá ionsánna bruth-Dheavónacha beaga den saghas carraig céanna ó thuaidh thiar de Loch Measca, gar do Thuar Mhic Éadaigh agus thoir thiar de Loch Measca, gar do Fhionnaithe.

Devonian - approximately 420 to 360 Ma. With the final closure of the Iapetus Ocean and the generation of a huge mountain belt, melting occurred in the Earth's crust. The cooling of this melt or magma forms a very hard igneous rock. There are a number of igneous bodies of Devonian age in the west of Ireland. The largest (a collection of igneous bodies rather than one single body) is what is known as the Galway Granite Batholith. It is approximately 400 million years old and stretches from Salthill to the westernmost parts of County Galway. A large body of the same age, known as the Crovock granite is found in Mayo, southeast of Louisburgh. There are other minor Devonian igneous intrusions of similar rock to the northwest of Lough Mask, close to Tourmakeady, and southwest of Lough Mask, close to Finny.

Carbónmhar - thart ar 360 go 300 Mbós. Bhí Éireann tar éis taisteal ó thuaidh chuig Na Trópaicí faoin am seo agus bhí sí clúdaithe ag uisce te a bhí feiliúnach d'fhás córais sceir choiréil. Tá buncharraig Charbónmhar ag cuid mhaith den taobh istigh d'oileán na hÉireann agus sa réigiún seo tagann sé leis na ceantair thoir ó Uachtar Ard agus na locha. Tá sé clúdaithe ag ábhar oighreach agus ithir go príomha. Tugann an ithir aol-shaibhir tacaíocht do fheirmeoireacht churaíochta agus déiríochta. I gceantair gar do na locha, níl ach beagán clúdach ag an ithir agus tá gnéithe carstacha den aolchloch nochtaithe. Cuid de na gnáth gnéithe ná síonchaitheamh 'craiceann-eilifinte' de na cisil chothrománacha, go leor iontaisí sceire, clinteanna agus gríoga, poill shlogaidí nó gnéithe inititime, agus uaimheanna. Tá codanna de shraith íochtair Chuan na Gaillimhe agus Cuan Bó ina aolchloch agus cruthaíodh iad trí shíonchaitheamh agus creimeadh na chloiche sách bog seo ag an Aigéan Atlantach. Áit neamh-ghnách le teacht ar ghaineamhchlocha Carbónmhara agus comhcheirtleáin ná an t-ardchlár de chuid Shléibhte Phartaí, áit a luíonn sé go neamh-inchomhfhoirmithe ar barr na gcloch Ordaivíseacha. Tá sé seo suntasach mar go léiríonn sé bun an Charbónmhara sa cheantar seo.

Peirmiach, Triasach, Iúrasach, Cailceach - thart ar 300 go 66 Mbós. Tá na carraigeacha ón ré seo caomhnaithe in iarthar na hÉireann agus gan ach mórán fiú ar oileán na hÉireann. Bhí gníomhaíocht ag an am fad a bhí na hilchríocha ar fad le chéile ina fhorilchríoch ar a nglaonn muid Pangaea. Bhí rath agus meath ag dineasáir, agus d'fhabhraigh mamaigh, éin agus plandaí bláthanna.

Carboniferous - approximately 360 to 300 Ma. Ireland had moved north to the tropics by this time and was covered by warm waters suitable for the growth of coral reef systems. Much of the interior of the island of Ireland has Carboniferous bedrock and in this region it accounts for the areas east of Oughterard and the lakes. It is mainly covered in glacial material and soil. The lime-rich soil supports tillage and dairy farming. In areas close to the lakes, there is very little soil cover and karstic features of the limestone are exposed. Typical features include 'elephant-skin' weathering of the horizontal beds, an abundance of reef fossils, clints and grikes, sink holes or collapse features, and caves. Parts of Galway Bay and Clew Bay are both underlain by limestone and were formed by the weathering and erosion of this relatively soft rock by the Atlantic Ocean. An unusual place to find Carboniferous sandstones and conglomerates is at the plateau of the Partry Mountains, where it lies unconformably on top of Ordovician rocks. This is significant as it demonstrates the base of the Carboniferous in this area.


Permian, Triassic, Jurassic, Cretaceous - approximately 300 to 66 Ma. No rocks from these periods are preserved in the west of Ireland and very few even on the island of Ireland. There was activity at the time as all the continents were together in a super-continent we call Pangaea. Dinosaurs flourished and declined, and mammals, birds and flowering plants evolved.

Pailéigín - thart ar 66 go 23 Mbós. Bhí an tAigéan Atlantach Thuaidh ag oscailt ag an am agus feiceann muid ionsánna beaga dhingeáin ón ré seo in iarthar na hÉireann. Lean an Neoigineach an Pailéigin ach níl aon charraigeacha ón ré sin anseo.

Ceathartha - Ár dtréimhse geolaíochta reatha. Tá ár dtírdhreach, ár gcultúr agus ár saolta múnlaith ag an ré agus ag múnlaigh an ré go leanúnach.

Palaeogene - approximately 66 to 23 Ma. The North Atlantic Ocean was opening at this time and we see small intrusions of dykes of this age in the west of Ireland. The Palaeocene was followed by the Neogene but we have no rocks of this age here.

Quaternary - our current Geological Period. The landscape, our culture and our lives are shaped by and continue to shape this period



Mapa geolaíochta (1:1 milliún) ar iarthar na Gaillimhe agus deisceart Mhaigh Eo (Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann). Soir sa ghorm tá aolchloch Charbónmhar. Ón deisceart ó thuaidh luíonn Batailit Eibhear na Gaillimhe Deavónach i ndearg geal, ionsánna Ordaiviseacha i ngorm/glas agus dearg, Dálriadach Chonamara i mbuí, agus Umar Mhaigh Eo Theas Ordaiviseach/Siolúrach i ndonn, glas agus bándearg geal. Tá corcora ar na carraigeacha Ordaiviseacha fodhuchtú-gaolta i Muraisc/Cluain Cearbán.

Geology (1:1 million) map of west Galway and south Mayo (Geological Survey Ireland). To the east in blue is the Carboniferous limestone and from south to north lie the Devonian Galway Granite Batholith in faded red, Ordovician intrusions in blue/green and red, the Connemara Dalradian in yellow, and the Ordovician/Silurian South Mayo Trough in pale brown, green and pink. The Ordovician subduction related rocks of Murrisk/Louisburgh are in purple.

3.2. Tírdhreach

B'fhéidir gurb é an cur síos is fearr ar tírdhreach na hÉireann ná ceann oighreach. Tá cruthanna na sléibhte agus gleannta mar a fheiceann muid inniu ann mar tháirgí de na hoighearshruthanna agus oighearchlúideacha ollmhóra a ghearr tríd an tuath ag fáil réidh nó ag creimeadh an charraig bhog, a mhúnlaigh an charraig chrua agus a dheascadh a n-ualach dríodair fad a leá siad. Tá na sléibhte sa réigiún déanta go príomha as grianchloichít chrua (gaineamhchloch meiteamorfachta), gaineamhchloch nó bruthcharraigeacha cosúil le h-eibhear nó gabró. Tá siad ar fad beagnach ar an airde céanna, ag cur tírdhreach oighrithe le déanaí in iúl, agus go ginearálta ritheann siad soir-siar. Tá sraith íochtair na ngleannta ina gcarraigeacha boga cosúil le marmar (aolchloch mheiteamorfachta) agus tá droimníní agus tírghnéithe oighreacha creimthe ann. Sé An Caoláire Rua ar theorainn Ghaillimh Mhaigh Eo an t-aon fhiord in Éirinn agus tá an ceantar ar fad seo faoi cheangal san tuaisceart agus deisceart ag na h-ionbhánna aolchloch-chreimthe de chuid Chuan Bó agus Cuan na Gaillimhe. Mar thoradh ar an athrú aeráide sa Chré-umhaois, d'fhabhraigh portaigh mhóna, a bhí mar ghné tábhachtach i saol eacnamaíochta agus i saol teaghlaigh na hÉireann. Tá sé fós mar ghné suntasach i dtírdhreach an réigiúin seo.

3.3. Cultúr

Téann plé sonrach ar chultúr an réigiúin taobh amuigh de scóip agus riachtanas na hoibre seo. Ach dhéanfaí droch-chomaoin don réigiún muna ndéanfaí ach tagairt dhromhchlach don chultúr. Tá Conamara agus Maigh Eo theas in iarthar na hÉireann, ar an áit is faide siar san Eoraip. Tá an tírdhreach cairbreach agus tá tionchar ag an Aigéan Atlantach ar an aimsir, na bealaí agus an saol ann. Go traidisiúnta, dhéanfadh na daoine a slí bheatha ón

3.2. Landscape

The Irish landscape can perhaps best be described as a glacial one. The shapes of the mountains and valleys we see today are the products of vast glaciers and ice sheets that cut through the countryside and eroded or removed the relatively softer rock, shaped the harder rock and then deposited its sediment load as it melted. The mountains in the region are mainly composed of hard quartzite (metamorphosed sandstone), sandstone or igneous rocks such as granite or gabbro. They are all of a similar height, indicating a recently glaciated landscape, and they generally run east-west. The valleys are underlain by softer rocks such as marble (metamorphosed limestone) and play host to drumlins and other glacial depositional landforms. Killary Harbour on the border between Galway and Mayo is Ireland's only fjord and the whole area is bounded to the north and south by the limestone-eroded embayments of Clew Bay and Galway Bay. Climate change in the Bronze Age led to the development of peat bogs, which later became an important feature of Irish family and economic life. It remains a significant feature of the landscape in this region.

3.3. Culture

A detailed discussion on the culture of the region is beyond the scope and necessity of this work. However a superficial treatment of culture could do the region a disservice. The Connemara and south Mayo region is in the west of Ireland, on the most westerly part of Europe. Its landscape is rugged and its weather, ways and life are influenced by the Atlantic Ocean. Traditionally, people earned their livings from subsistence farming and fishing. In the most recent generations, there has been a move towards manufacturing, and tertiary industries, in particular tourism. The region is served by Galway city, and the larger towns of

bhfeirmeoireacht leorchothaitheach agus ón iascaireacht. Sna glúinte is déanaí, tá bogadh i dtreo na déantúsaíochta, agus tionscail threasacha, go háirithe turasóireacht. Tá an réigiún á fhreastal ag cathair na Gaillimhe, agus na bailte móra ar nós An Clochán i gConamara, Caisleán an Bharraigh agus Cathair na Mart i gCo. Mhaigh Eo. Cuireann soláthar oideachas dara agus tríú leibhéal den scoth daonra an-oilte ar fáil. Tá cleachtadh agus caomhnú ar cheirdeanna dúchais sa chuid seo d'Éireann fós chomh maith le stíleanna áitiúla damhsa, ceol, agus spóirt.

Tá an réigiún seo saibhir sa gheolaíocht, ní hamháin in éagsúlacht na gcarraigeacha ach san tionchar atá aige ar thuiscint chriosanna oraigineacha (sléibhte) agus bunús eibhir, a chuid mianraí eacnamaíochta agus a stair in eastóscadh áitiúil mianraí ar scála beag. Tá fianaise de mhianraíocht i Maigh Eo theas, deascáin aitheanta tháirmhiotail, luaidhe, sinc, copar agus tungsten ar chladaigh Loch Coirib sna meitidhríodair Dhálriadach, agus molaibdéineam san Eibhear Bhatailt na Gaillimhe. Is féidir iarsmaí ó na oibreacha mianaigh darb ainm Mianach Mhic Laighmainn a fheiceáil ar thaobh an chnoic agus ar chladach soir ó Dhroichead an Mháma, agus is áit choitianta do gheothurasóirí é mianach Ghleann Gabhla atá siar ó Uachtar Ard. Tá cáil ar Chonamara timpeall na cruinne ar a marmar neamh-ghnách glas, Marmar Chonamara, a n-úsáidtear idir gheamchloch agus chloch órnáideach.

Toisc gur gnéithe tábhachta iad cultúr agus go háirithe cultúr dúchais i nGeopháirceanna UNESCO, ba chóir é seo a fhorbairt agus a cheangailt le geo-oidhreacht mar chuid den obair atá le déanamh amach anseo leis an ngeopháirc seo atá á mholadh.

Clifden in Connemara, and Castlebar and Westport in Co. Mayo. An excellent provision of secondary and tertiary education provides a well-educated population. Crafts indigenous to this part of Ireland are still practiced and preserved, as are local styles of dancing, music, and sports.

This region is rich in geoheritage, not just in the diversity of the rock types but also in its contribution to the understanding of orogenic (mountain) belts and the origin of granite, its economic minerals and history of small-scale localised extraction of these minerals. There is evidence of gold mineralisation in south Mayo, known deposits of base metals, lead, zinc and copper, and tungsten on the shores of Lough Corrib in the Dalradian metasediments, and molybdenum in the Galway Granite Batholith. The remains of mine workings known as Clements Mine are visible on the hillside and lake shore east of Maam Bridge, and the restored Glengowla mine west of Oughterard is now a popular geotourism stop. Connemara is known throughout the world for its unusual green marble, Connemara Marble, which is used both as a gemstone and ornamental stone.

As culture and in particular indigenous culture are important aspects of UNESCO Geoparks, this should be developed and connected to geoheritage in the future work of this proposed Geopark.



Eas Liath, Abhainn Oirimh, Contea Mhaigh Eo. Assleigh Falls, Erriff River, County Mayo.

3.4. Teanga

Is ceantair in Éirinn iad ceantair Ghaeltachta a bhfuil an Ghaeilge mar theanga ceannasach sa bhaile, san oideachas, i ngnó agus in imeachtaí shóisialta. Tá an Ghaeilge mar ghnáth theanga saoil agus oibre ag an-chuid daoine agus is páirt dúchasach den chultúr agus traidisiún í. Níl aon cheann de na Geopháirceanna eile in Éirinn i gceantar Gaeltachta. Chomh maith leis sin, chuidigh an Ghaeilge leis an dteanga eolaíochta oigheareolaíocht. De bharr gur tírdhreach oighrithe le déanaí a bhfuil rochtain éasca chuige é Éireann, rinneadh obair luath ar thírghnéithe oighreacha anseo agus tugadh ainm de bhunús Gaeilge do roinnt tírghnéithe. Tá aithne ar chnoic oighear-mhaolaithe mar dhroimníní agus tá riar mhaith acu sa réigiún a chiallaíonn droim beag.

3.4. Language

Gaeltacht areas in Ireland are areas where the Irish language is the dominant language for home, education, business and social activities. Irish is the living and working language for many and is an intrinsic part of the culture and tradition. None of the other three Geoparks in Ireland are in Gaeltacht areas. In addition the Irish language has contributed to the scientific language of glaciology. As Ireland is an easily accessible recently glaciated landscape, early work on glacial landforms was carried out here and some of the landforms were given names derived from Irish. Glacier rounded hills are known internationally as drumlins and there are many of them in this region, but the name comes from the Irish word “droimnín” meaning small ridge.


Is dromanna fada eisrithe iad eascracha agus is gné comónta de thírdhreach na hÉireann iad. Tagann an focal ón bhfocal Gaeilge “eiscir” a chiallaíonn droim roinnte.

Tagann an-chuid ainmneacha bhailte fearainn ó bhunús Gaeilge iad agus déanann an t-ainm cur síos álainn ar ghnéithe fhisiciúla thíreolaíochta na háite sin. Tá obair ar siúl in áiteanna áirithe sa réigiún ar stair agus an brí atá le hainmneacha bhailte fearainn agus d’fhéadfaí an Gheopháirc seo atá molta cur leis an obair sin.



Eskers are long winding ridges of gravel and are a common feature of the Irish landscape. The word comes from the Irish word “eiscir” meaning a dividing ridge.

Townland names, most of which are derived from Irish, are usually beautiful descriptives of physical features of the geography. Work is ongoing in some places in the the region on the history and meaning of local townland names and this could be furthered by the proposed Geopark.



Conga. Cong.

4. An Taighde Seo

4.1. Comhairliúchán Poiblí

De bharr go bhfuil Geopháirceanna ann “don phobal, ón bpobal”, tá comhairliúchán poiblí riachtanach do bhunú Geopháirc *de facto* agus faoi dheireadh Geopháirc UNESCO. Tá go leor míthuiscintí faoi chéard atá i gceist le Geopháirc i dtéarmaí rialacháin, feirmeoireacht, rochtain agus forbairt agus tá sé i gcónaí níos fearr deileáil leis na míthuiscintí seo in intinn an oiread daoine is gur féidir sula dtosaíonn an próiseas. Ag tús an phróisis seo, agus i gcomhairliúchán leis an ngrúpa *ad hoc*, déanadh cinneadh trí cruinnithe phoiblí a reáchtail thar tréimhse an phróiseas chomhairliúcháin. Bhí an teorann ama laistigh de shaolré an chonartha (ó thús mhí na Samhna 2016 go lár-feabhra 2017). Sé an scaipeadh tíreolaíochta agus poiblíocht fhorleathan déanta orthu roimhré a bhí mar phríomhchúiseanna le rathúlacht na cruinnithe. D’aontaigh an grúpa *ad hoc* na cruinnithe a eagrú ina áiteanna scaipthe óna chéile chun an freastal ar na cruinnithe is airde a fháil. D’úsáid C.D.S. Teo. a mbunachar sonraí chun teagmháil a dhéanamh le daoine áitiúla, ionadaithe áitiúla agus na meáin chumarsáide. Tháirg siad postaeirí agus dháil siad go háitiúil iad agus sheol siad amach preas ráiteas. Rinneadh teagmháil le go leor daoine go pearsanta, buaileadh le agus iarradh ar dhaoine freastal, go háirithe dá gceapfaí nach mbeadh a ndóthain ionadaíocht ag ceantair nó earnálacha ar leith ag na cruinnithe.

Reáchtáladh na cruinnithe seo a leanas:

19 Nollaig – Oifigí C.D.S. Teo., Corr na Móna

31 Eanáir – An Teach Dóite

16 Feabhra – Tuar Mhic Éadaigh

D’fhreastal 84 duine in iomlán ar na cruinnithe agus i ngach cás, bhí plé cuimsitheach agus leathan tar éis an cur i láthair. Bhí toradh sách dearfach ar na cruinnithe faoin gcoincheap ag

4. This Study

4.1. Public Consultation

As Geoparks are ‘for the people, by the people’, public consultation is essential for the establishment of a *de facto* and eventually UNESCO Geopark. There are often misconceptions about what a Geopark is in terms of regulations, farming, access and development and it is always better to have all of these possible misconceptions settled in the minds of as many people as possible before the process is underway. At the start of this process and in consultation with the *ad hoc* group, it was decided that three public meetings should be held over the course of the consultation process. The timing was limited to within the lifetime of the contract (from the start of November 2016 to mid-February 2017). A geographical spread in the meetings and that they were well advertised in advance was critical to their success. The *ad hoc* group agreed to hold the meetings in a spread of locations to get maximum attendance. C.D.S. Teo used their database to contact individuals, local representatives and media outlets. They produced posters and distributed them locally and sent out a press release. Many people were also contacted personally, met with and encouraged to attend, particularly if it was felt certain areas or sectors might be under represented at the meeting.

The following meetings were held:

19 December – C.D.S. Teo. offices, Cornamona.

31 January - Maam Cross.

16 February - Tourmakeady.

A total of 84 people attended the meetings and in each case, there were extensive and wide-ranging discussions after the initial presentation. The response of the meetings was generally positive about the idea of working towards becoming a UNESCO Global Geopark.

obair i dtreo Geopháirc Dhomhanda UNESCO. Tá na ceisteanna agus freagraí ar fad ó na cruinnithe ceangailte leis an dtuairisc seo sna hagusíní.

Siad na cúiseanna inní is mó a bhí ann ná i leith rialacháin bhreise, cearta úinéirí, achar agus ainm na Geopháirce agus faoi thodhchaí an phróiseas cinnteoireachta. Fiú nach dtagann rialacháin bhreise le Geopháirceanna UNESCO anuas ar na cinn atá i bhfeidhm cheana féin, bhí faitíos ann go n-úsaidfeadh údaráis áitiúla stádas Geopháirc UNESCO chun rialacháin nua a thabhairt isteach agus gá le scagadh geolaíochta a chur le h-iarraitais phleanála amach anseo. Rinneadh cinneadh ag cruinniú amháin gur chóir moladh a chur faoi bhráid na n-údaráis áitiúla go mbeadh tagairt éigin don Geopháirc i bPleananna Forbartha Chontae amach anseo agus go mbeadh geallúint tugtha nach n-úsaidfear é chun cur le teorannaithe. Tá an inní seo intuigthe i réigiún a bhfuil líon ard rialacháin i bhfeidhm mar gheall go bhfuil an réigiún ainmnithe mar Limistéar Oidhreacht Náisiúnta (LON), Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta agus Limistéar faoi Chosaint Speisialta. Ní hé seo an cás do Gheopháirc Dhomhanda UNESCO. Ar dtús, tá an t-ullmhúchán agus próiseas iarratais fada agus ní mór Geopháirc *de facto* a bhúnu mar an chéad chéim agus mar sin beidh a fhios ag daoine cén sórt saol a mbeidís in ndán dó i Geopháirc sula bhfaigheann sé stádas oifigiúil. Is faoi fhorbairt inbhuanaithe agus leanacht le cleachtais fheirmeoireachta dhúchais iad Geopháirceanna UNESCO. Ní bheidh ar dhaoine aonaracha scagadh geolaíochta a dhéanamh d'iarraitais nua mar go bhfuil an-eolas go deo ar gheolaíocht na hÉireann de bharr obair Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann ó 1845. Tá clár leanúnach d'inúchtaí ar Shuíomhanna Geolaíochta Chontae ar siúl ar ag an SGÉ i gcomhar leis an gComhairle Oidhreacht agus údaráis áitiúla. Tá iniúchadh Mhaigh Eo críochnaithe agus tá sé i gceist go mbeidh Conamara críochnaithe i 2017. Siad

All of the questions and answers from the meetings are attached to this report in the appendices.

The greatest concerns were about additional regulations, landowner rights, the area and name of the Geopark, and about the future of the decision making process. Although UNESCO Geoparks do not carry additional regulations to those already in place by local, national or EU law, there was a fear that local authorities would use the UNESCO Geopark status to attach new regulations and add a requirement to have geology screening in future planning applications. It was decided at one meeting that a recommendation should be submitted to the local authorities that there should be some reference to the Geopark in future County Development Plans and there would be a commitment not to use this to add restrictions. This concern is understandable in a region that is so highly regulated due to designations such as National Heritage Area (NHA), Special Area of Conservation (SAC) and Special Protection Area (SPA). This is not the case for a UNESCO Global Geopark. Firstly, the application preparation and process is long and a *de facto* Geopark needs to be established first and therefore people will know what it is like to experience life in a Geopark before it gets the official status. UNESCO Geoparks are about sustainable development and the continuity of indigenous farming practices. Individuals will not need to carry out geology screening for new applications because the geology of the Ireland is well known to a high resolution due to the work of the GSI since 1845. The GSI in association with The Heritage Council and local authorities have an ongoing programme of County Geological Site audits. Mayo is complete and Connemara is due to be completed in 2017. The results of this audit is that sites are designated as County Geological Sites and some are recommended for NHA status as geoheritage as part of the heritage of the country and is protected by law.

torthaí an iniúchta ná go n-ainmneofar suíomhanna mar Shuíomhanna Gheolaíochta Chontae agus moltar cuid acu le haghaidh stádas LON mar gheo-oidhreacht mar chuid d'oidhreacht na tíre agus tá sé cosainte faoin dlí. Tá sé seo ag tarlú ar fud na tíre agus tá sé ag tarlú fiú má tá ceantar mar Gheopháirc nó muna bhfuil. Ní thugann siad seo rialacháin bhreise leo ach an oiread ach d'fhéadfadh sé moladh a thabhairt leis (m.sh. go gcuirfí suíomh ar leith ar shárthaispeántas nó go dtabharfaí cead isteach leanúnach d'eolaithe le cead an úinéara)

Eagraíodh roinnt imeachtaí bainteach le Geopháirc ar an Fháirche le blianta beaga anuas mar a léiríodh níos túisce agus fabhraíodh smaoineamh earráideach sa cheantar forleathan gur rud í an Gheopháirc a bhíodh muintir na Fáirche á dhéanamh agus nach raibh baint ar bith aici le h-áiteanna eile. Bhí sé spreagúil ag na cruinnithe phoiblí go raibh díograis don smaoineamh in áiteanna eile, go háirithe An Líonáin agus Tuar Mhic Éadaigh. Thuig siad láithreach agus ghlac siad leis an gcoincheap agus chonaic siad go bhféadfadh tairbhe a bheith an dá gceantair, d'fhórás agus mar fhéidearthacht amháin le moill a chur ar bhánú na tuaithe. Bhí dearfach ó gach áit ach tá tagairt speisialta ag dul don dhá cheantar sin mar bhí siad tuillteanach cúnamh a thabhairt agus oibriú i dtreo toradh dearfach dóibh fhéin.

Fuair na cruinnithe go leor aird ar na meáin, go háirithe ar Raidió na Gaeltachta agus TG4, chomh maith le stáisiún raidió áitiúla agus nuachtáin áitiúla. Arís, bhí an dearcadh sách dearfach agus ba dheis é a mhíniú arís nár chuir Geopháirc teorannaithe bhreise ar fheirmeoirí ná pleanálaithe.

Marie Ní Chríodáin, Bainisteoir C.D.S. Teo. ag taifead do TG4.

This is happening throughout the country and is happening regardless of whether an area is a Geopark or not. These do not bring additional restrictions either but it could bring a recommendation (e.g. that a particular site is showcased or that access for scientists is maintained with the permission of the owner).

Some Geopark related activities have taken place in the Clonbur area over the last few years as outlined earlier and an erroneous idea had developed in the wider area that the Geopark was something the Clonbur people were doing and it was nothing to do with other areas. It was encouraging at the public meetings that there was an enthusiasm for the idea in other areas, particularly in Leenane and Tourmakeady. They immediately understood and embraced the concept and could see how it might be of benefit to their areas, for growth and as one potential method of slowing depopulation. There was positivity from all areas but these two deserve special mention as they were willing to engage and work towards a positive outcome themselves.

The meetings also attracted good media coverage, particularly on Raidió na Gaeltachta and on TG4, as well as on local radio stations and local papers. Again, the view was generally positive, and it was an opportunity to explain again that Geoparks carried no additional restrictions to farmers or planners.



4.2. Comhairliúchán Páirtithe Leasmhara

Cé gur páirtithe leasmhara chuile dhuine a chónaíonn agus a n-oibríonn i Geopháirc, aithníodh páirtithe leasmhara ríthábhachtacha roimh an próiseas comhairliúcháin seo. San áireamh sna páirtithe leasmhara ríthábhachtacha tá; Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann, Fáilte Éireann, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Comhairle Chontae Mhaigh Eo, Údarás na Gaeltachta, Coillte, OÉ Gaillimh, Fóram Chonamara, IFA. Eagraíodh cruinnithe le h-ionadaithe ó na heagrais thuas chomh maith le h-ionadaithe phobail agus earnála ón réigiún.

I ngach cás, bhí na cruinnithe an-oscailte agus réadúil, agus tá buíochas le gabháil leis na páirtithe leasmhara as a sástacht dul i ngleic leis an smaoineamh agus as a gcuid ama a thabhairt. Bhí eolas ag na páirtithe leasmhara ar fad faoi choincheap Gheopháirc Dhúiche Sheoigheach agus bhídís bainteach leis na córais fheidhmithe thar na mblianta. D'fhreastal cuid acu ar chruinnithe de chuid an grúpa stiúrtha *ad hoc* agus bhí siad ar an eolas faoin ndul chun cinn a bhí ar siúl

Go ginearálta, bhí siad dearfach faoin smaoineamh agus thuig siad a luach ach de bharr go bhfuil siad ionadaíoch ar eagrais mhóra le freagracht do phobal leathan, ní mór dóibh bheith forchoimeáda ar aon ghealltanais go dtí go bhfeiceann siad cén bealach a ngabhfaidh an smaoineamh uaidh seo.

Tá freagrachtaí ag an dhá chomhairle chontae do chontaetha móra, éagsúla agus teastaíonn an toradh is mó ar infheistíocht dá ndaoine, tá ceangaltas acu le tograí agus pleananna acu do na blianta atá amach romhainn bunaithe ar a gcuid Pleananna Forbartha Chontae agus Pleananna Forbartha Oidhreachta féin. Tá siad ag obair ar thograí bheaga eile sa cheantar ach feiceann siad an bealach gur féidir leis na tograí bheaga cur leis an dtogra Geopháirc.

4.2. Stakeholder Consultation

Although everyone who lives and works in a Geopark is a stakeholder, key stakeholders had been identified prior to this consultation process. The key stakeholders include; Geological Survey Ireland, Fáilte Ireland, Galway County Council, Mayo County Council, Údarás na Gaeltachta, Coillte, NUI Galway, Forum Connemara, IFA. Meetings were arranged with representatives of the above as well with community and sector representatives from the region.

In all cases, the meetings were very open and realistic, and the stakeholders are thanked for their willingness to engage and give their time. All stakeholders had known about the idea of a Joyce Country Geopark and had been involved with the workings of it over the years. Many had attended meetings of the ad hoc steering group and were aware of the progress being made.

In general, they are positive about the idea and understand its value but as they represent large organisations with responsibilities to a wider community, they must be reserved on commitments until they see how the idea progresses from here.

Both county councils have responsibilities for large and diverse counties and they need to have maximum return on investment for their people, they are also committed to projects and have plans for the coming years based on their respective County Development Plans and County Heritage Plans. They are already working on smaller projects in the area but they can see how the smaller projects will feed into the Geopark project. There is a better prospect of collaboration if the Geopark is bigger in area as it would then cover more of the respective counties and align with other tourism and heritage plans.

Tá ionchas níos fearr do chomhoibriú má tá ceantar na Geopháirce níos mó mar go gclúdódh sé níos mó dá gcuid chontae féin agus thiocfadh sé le pleananna turasóireachta agus oidhreacht eile. Mar chuid den obair seo, bhí deis ann freastal ar lá comhairliúcháin ar Phlean Turasóireachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus aiseolas a thabhairt ar na smaointí a pléadh ann. Bhí Geopháirc Dhúiche Sheoigheach mar cheann de na smaointí agus ba rud dearfach é ag an gComhairle go mbeadh sé san áireamh ina bPlean Turasóireachta do 2020 – 2025. Thairg siad maoinithe bheaga (€5,000 in aghaidh na bliana) le dhá bhliain anuas agus labhair siad faoin gceantar agus an smaoineamh a úsáid do mhaoiniú REDZ (Crios Forbartha Geilleagraí Tuaithe) sa chéad bhabhta mhaoinithe eile. Is céimeanna praiticiúla ar fad iad seo a bhrathanna ar an dtogra Geopháirc ag bogadh ar aghaidh. Tá saineolas i bhforbairt tuaithe agus bainistiú tograí ag na comhairlí agus d'fhéadfadh siad ról ceannasúil a thógáil, ach tar éis an coincheap a bheith forbartha in iomlán agus go bhféadfadh sé bheith inmharthana amháin.

Tá freagracht ag Fóram Chonamara maoinithe LEADER a riaradh i réigiún Chonamara sna blianta atá amach romhainn agus tá sé oscailte do thograí thurasóireachta thuaithe mar seo faoi láthair. Tá léiriú spéise curtha isteach ag an ngrúpa *ad hoc* agus má tá siad rathúil, athróidh an maoiniú ionchas an togra ar fad mar bheidís in ann foireann a fhostú laistigh den scála ama 5-bliana atá leagtha amach sa tuairisc seo. Tá maoiniú den tsaghas céanna ar oscailt i Maigh Eo agus tá súil go mbeidh iarratas den tsaghas céanna curtha isteach don phróiseas iomaíoch sin.

Bhí Údarás na Gaeltachta an-spreagúil i dtaobh an choincheapa de bharr go bhfuil codanna den nGeopháirc atá molta i gceantair Ghaeltachta agus tá freagracht acu as ceantair Ghaeltachta a fhorbairt, turasóireacht sa áireamh. Níl aon fhadhb acu le codanna den nGeopháirc a bheith lasmuigh de cheantar Gaeltachta.

As part of this work, it was possible to attend the Galway County Council Tourism Plan consultation day and provide feedback on the ideas discussed there. The Joyce Country Geopark plan was one of the ideas and it is a positive move by the Council to have it included in its Tourism Plan for 2020-2025. They have offered small funds (€5,000 per year) over the last two years and have talked about using the area and idea for REDZ (Rural Economic Development Zone) funding in the next round of funds. These are all practical steps which depend on the Geopark project moving forward. The councils have expertise in rural development and project management, and can potentially take a lead role, but only after the concept has been fully developed and is seen as viable.

Forum Connemara have the responsibility to administer LEADER funds in the Connemara region in the coming years and a suitable call for rural tourism projects is now open. The ad hoc group has submitted an expression of interest and if successful, the funds would change the whole prospect of the project as they would be able to hire staff within the timescale of the 5-year plan proposed in this report. A similar fund is open for Mayo and it is hoped that a similar application will be submitted to that competitive process.

Údarás na Gaeltachta were very encouraging of the concept as parts of the proposed Geopark will be in Gaeltacht areas and they have a responsibility of Gaeltacht area development, including tourism. They have no issue with parts of the Geopark being non-Gaeltacht. If the idea progresses, they may be in a position to work with the Geopark to provide support, either financial or staff. As with all organisations, this depends on the next steps of the project and the financial situation.

Má éiríonn leis an dtogra, d'fhéadfadh siad bheith in ann oibriú leis an nGeopháirc chun tacaíocht a thabhairt i bhfoirm maoiniú nó foireann. Maraon le gach eagra, brathann sé seo ar na chéad chéimeanna eile atá le tógáil sa togra agus cúrsaí maoinithe.

Tá freagracht ag Fáilte Éireann don tír ar fad ach thug siad comhairle fíor-luachmhar ar an gcaoi go bhféadfadh togra mar seo dul chun cinn. Tá taithí pearsanta acu ar obair Gheopháirc Dhomhanda UNESCO na Boirne agus Aillte an Mhothair agus tuigean siad go hiomlán an obair agus na fadhbanna atá i gceist chun Geopháirc rathúil a reáchtáil. An comhairle a bhí acu ná breathnú go réadúil ar gach rogha agus a fháil amach an í Geopháirc an bealach ar aghaidh is fearr. D'aithin siad an earnáil oideachas allamuigh agus saoire eachtraíochta mar earnáil an-tábhachtach don réigiún agus go bhféadfadh sé forbairt le nó gan Geopháirc. Mhol siad chomh maith tuiscint shoiléir de tháirge turasóireachta uathúil an réigiúin, más spóirt allamuigh i dtimpeallacht gan mhilleadh nó stádas Tíreolaíocht Chosainte de chuid Uain Shléibhe Chonamara é a chabhraíonn leis an gceantar sin seasamh amach i margadh turasóireachta Éireannach gnóthach agus go mbeadh an togra sin le h-inniúlacht chomhoiriúnach a d'fhéadfadh deileáil le fóras a chabhródh le réigiún ar leith ina n-iniamh i dtiomáintí margaíochta náisiúnta. Is cúnamh riachtanach é seo don chéad dhá bhliain eile den dtogra Geopháirc.

Leanann Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann agus OÉ Gaillimh ar aghaidh lena gcuid tacaíochta don smaoineamh, chomh maith le Coillte, úinéir talún mór sa réigiún agus a chomhoibrigh ar obair na Geopháirce roimhe seo. Rinneadh an-iarracht ón dhá thaobh cruinniú a eagrú leis an IFA agus níor éirigh leis laistigh de theorainn ama an chonartha seo. Ba chóir dó bheith mar thosaíocht san obair amach anseo.

Fáilte Ireland have a responsibility to the whole country but they did give invaluable advice on how this project might progress. They have first-hand knowledge of the work of the Burren and Cliffs of Moher UNESCO Global Geopark and fully understand the work and the issues involved with running a successful Geopark. Their advice was to look realistically at all options, and see was a Geopark the best possible way forward. They identified the outdoor education and adventure holiday sector as an important one for the region and one that could grow further with or without a Geopark. They also advised that having a clear understanding of the unique tourism product of an area, whether it be the outdoor sports in an unspoiled environment or the Protected Geographical status of Connemara Hill Lamb, helps that area stand out in the busy Irish tourism market and that having a project ready with matching capacity to deal with growth would help a particular region in their inclusion in national marketing drives. All this is essential help for the next two years of the Geopark project.

Geological Survey Ireland and NUI Galway continue to support the idea, as do Coillte, a major landowner in the region and previous collaborators on the Geopark work. Great efforts by both sides were made to have a meeting with the IFA but it was not possible within the timeframe of this contract. It should be a priority in future work.

5. An Gheopháirc

Ceaptar gur ainmníodh ceantar Dhúiche Seoigheach i ndiaidh clann Bhreatnach de chuid na Seoighigh a lonnaigh sa cheantar sa 13ú Céad. Tá sé deacair aontú ar fhairsinge Dhúiche Sheoigheach ach ag am amháin is an Bharúntacht Rosa a leathnaíodh ón Chaoláire Rua go dtí na locha a bhí ann. Sa lá atá inniu ann, glactar go bhfuil sé thart ar cheantar na Fáirche agus Chorr na Móna agus d'fhéadfadh sé leathnú chomh fada soir leis An Éill, ó thuaidh go Tuar Mhic Éadaigh, ó dheas go dtí An Teach Dóite, agus siar go dtí an Sraith Salach, ach nuair a cuireadh an cheist i dTuar Mhic Éadaigh ag an gcruinniú poiblí, níor mheas muintir na háite go raibh siad i nDúiche Sheoigheach.

Tar éis an próiseas comhairlúcháin a chríochnú, agus breathnú ar an ngeolaíocht agus foinsí maoinithe agus tacaíochta réadúla, tá roinnt roghanna ann don Gheopháirc. Tá cur síos déanta ar thrí rogha thíos. Tríd teorainn a leagan síos, rud atá riachtanach d'iarratas Geopháirce, d'fhéadfadh impleacht a bheith ann don ainm. Iarrtar ar an ngrúpa *ad hoc* féachaint ar na roghanna ar fad agus breathnú ar an luach don réigiún, an tacaíocht ó údaráis áitiúla, agus maoiniú nuair atá cinntí á dhéanamh i leith na Geopháirce.

5. The Geopark

Joyce Country or Joyces' Country is thought to have been named after a Welsh family of the Joyces who settled in the area in the 13th Century. It is difficult to agree on the extent of Joyce Country but one time it was the Barony of Ross and extended from Killary Harbour to the lakes. It is now centred on the Clonbur and Cornamona area between Lough Corrib and Lough Mask and it may extend east to The Neale, north to Tourmakeady, south to Maam Cross and west to Recess, although the people of Tourmakeady claimed not to be in Joyce Country when asked at their public meeting.

Having concluded the consultation process, looked at the geology and looked at realistic sources of finance and support, there are several options for the Geopark. Three options are described below. By defining a boundary, which is necessary for a Geopark application, there may be implications for the name. The ad hoc group are urged to look at all the options and consider the value for the region, the support from local authorities, and funding when making decisions directly in relation to the Geopark.



Dubhros ar Loch Coirib. Dooros on Lough Corrib.


5.1. Rogha A: Beag

Achar idir Loch Coirib agus Loch Measca, Conga go Fionnaithe agus go dtí an Mám.



5.1. Option A: Small

Area between Lough Corrib and Lough Mask. Cong to Finny and to Maam.



Mapa Suirbhéireachta Ordanáis agus Suirbhéireacht Gheolaíochta 1:500000 map de cheantar Dhúiche Sheoigheach. Mapaí tógtha ó amharcóir Foinse Oscailte Shuirbhéireacht Gheolaíochta.

Ordnance Survey map and Geological Survey 1:500000 map of the Joyce Country area. Maps taken from Geological Survey Open Source viewer.

Geolaíocht/Tírdhreach

Tá sé seo gar d'fhairsinge Dhúiche Sheoigheach mar atá sé anois. Tá sé teoranta go dtí an ceantar idir Loch Measca agus Loch Coirib agus teoranta go Co. na Gaillimhe don chuid is mó. Tá an tírdhreach go hálainn le meascán cothrom chnoic gharbh san iarthar agus tailte mhilis níos cothromaí soir ón Fháirche. Feictear an difríocht i mbealach álainn sa topagrafaíocht an chodarsnacht idir na bruth-charraigeacha agus carraigheacha meiteamorfacha Ordaiviseach/Siolúrach agus na leapacha cothrománacha aolchloch Charbónmhar lena fhlúirseacht ghnéithe charstacha. San áireamh sna scéalta geolaíochta anseo tá na tréimhsí dheireannacha de na dríodair Dháiriacha, cuid de stua Loch na Fuaiche agus na dríodair gaolta

Geology/Landscape

This is close to the existing extents of Joyce Country. It is confined to the area between Lough Mask and Lough Corrib and mainly confined to Co. Galway. The landscape is beautiful and is an even mix of rugged hills to the west and lush flatter lands east of Clonbur. The difference in topography shows beautifully the contrast between the Ordovician/Silurian igneous and metamorphic rocks related to the closure of the Iapetus Ocean and the horizontal beds of Carboniferous limestone with its abundance of karst features. The geological stories include the later stages of the Dalradian sediments, part of the Lough Nafoe arc and the sediments related to it, and the later limestone beds with fossil assemblages and karst features including caves, clints and grikes.

leis, agus na leapacha aolchocha níos déanaí le cluichreáin iontaise agus gnéithe charstacha cosúil le huaimheanna, clinteanna agus gríoga. Tugann sé 'roghbhlúir' den ngeolaíocht, an tírdhreach, agus an fheirmeoireacht agus na traidisúin atá forbartha ón tírdhreach.

Buntáistí

Is úsáid maith é den ainm agus chuirfeadh sé le h-aitheantas 'branda' Dhúiche Sheoigheach. Tá úsáid aitheanta ag an gceantar do scoileanna allamuigh Éireannacha agus ó thar lear agus d'fhéadfaí tuilleadh fhorbairt a dhéanamh air seo. An argóint is fearr don rogha beag seo ná mar shuíomh scoil allamuigh agus ionad staidéir in iarthar na hÉireann. Tá sé seo ag tarlú cheana féin ach d'fhéadfaí tuilleadh fhorbairt agus leathnú a dhéanamh air. Níl anseo ach gné amháin de Gheopháirc agus mar sin, d'fhéadfadh sé fóras a dhéanamh i gan Geopháirc ach fiú mar ghnó príobháideach nó pobail leis féin.

Míbhuntáistí

Cé go bhfuil an gheolaíocht éagsúil anseo, níl ann ach chuid de scéal mór agus má bhíonn sé teoranta go Dúiche Sheoigheach, gearrann sé trí ghnéithe gheolaíochta gan chúis seachas tíreolaíocht áitiúil. Dá mba rud é gur thug an ceantar beag seo breis turasóireacht, thar an fás a mbeadh súil leis do thurasóireacht Éireannach, níl an cumas san áit le deileáil le daoine bhreise agus mar sin, ghabhfadh an caiteachas chuig bailte chomharsanacha ar aon nós. Is dóigh gurb é an míbhuntáiste is mó a bheadh ann ná go mbeadh sé ró-bheag chun aon tacaíocht shuntasach a fháil ó na h-údaráis áitiúla. D'fhéadfadh sé bheith rathúil in iarratais do dheontais bheaga agus b'fhéidir nach mbeadh a ndóthain i gceist chun tacaíocht a thabhairt do bhall foirne íoctha chun an Gheopháirc a fhorbairt.

Ainm

Geopháirc Dhúiche Sheoigheach

It gives a 'snap-shot' of the geology, the landscape, and the farming and traditions developed from the landscape.

Advantages

It is a good use of the name and would improve the Joyce Country 'brand' recognition. There is an established use of the area for Irish and overseas field schools and this could be further developed. The strongest argument for this small area option is as a field school location and centre for studies in the west of Ireland. This is already happening but it could be further developed and expanded. This is only one aspect of a Geopark and therefore it could grow in the absence of the Geopark as a stand-alone private business or community business.

Disadvantages

The geology here, while varied, is only part of the much bigger story and by confining it to Joyce Country, it cuts through geological features for no reason except local geography. If this small area brought increased tourism, above the expected growth for Irish tourism, the capacity is not in place to deal with the extra people and therefore, additional spending may go to the neighbouring towns anyway. Probably the biggest disadvantage to this is that it may be too small to get any meaningful financial support from the local authorities. It could be successful in applying for small grants but it this may not be enough to support a paid staff member to develop the Geopark.

Name


Joyce County Geopark.

5.2. Rogha B: Idirmhéanach

Trí locha - Coirib, Ceara, agus Measca agus siar go dtí An Liónáin.

5.2. Option B: Medium

Three lakes - Corrib, Carra and Mask and west to Leenane.



Mapa Suirbhéireachta Ordanáis agus Suirbhéireacht Gheolaíochta 1:500000 map de na locha ceantar Dhúiche Sheoigheach

Ordinance Survey map and Geological Survey 1:500000 map of the lakes and Joyce Country area.

Geolaíocht/Tírdhreach

Tugann an rogha seo isteach i bhfad níos mó den scéal agus cé go roinneann sé cuid áirithe den scéal, tugann sé trasghearradh níos fearr ar an ngeolaíocht agus an tírdhreach agus ligeann sé scéalta nua isteach sa scéal Geopháirce. Bheadh an Gheopháirc daingnithe timpeall na trí locha agus leathnódh sí siar go dtí An Liónáin chun cuid den gcósta agus Slí an Atlantaigh Fhíáin a thabhairt isteach. Mar chuid den scéal geolaíochta bheadh an Dálriadach, Batailit Eibhir na Gaillimhe, Stua Loch na Fuaiche, Umar Mhaigh Eo Theas agus aolchloch níos déanaí. Tá éagsúlacht tírdhreacha agus cleachtais fheirmeoireachta bainteach leo soiléir ó na páirceanna cothroma glasa soir ó na locha go dtí na cnoic gharbh agus an tAtlantach Fíáin.

Geology/Landscape.

This option takes in much more of the story and while it still divides the story somewhat, it gives a better cross-section of the geology and landscape and allows new stories into the Geopark narrative. The Geopark would be anchored around the three lakes and extend westwards to Leenane to include a section of the coast and the Wild Atlantic Way. The geological narrative would include the Dalradian, Galway Granite Batholith, Lough Nafooe Arc, South Mayo Trough and the later limestone. Landscape diversity and related farming practices are obvious from the flat green fields east of the lakes to the rugged hills and the wild Atlantic.

Siad na príomh-shráidbhailte a bheadh i gceist ná Conga Feichín, An Fháirche, Corr na Móna, An Mám, An Liónáin, Tuar Mhic Éadaigh, Partraí agus bheadh Áth Chinn agus Baile an Róba mar bhailte thairseacha.

Buntáistí

Cheanglódh Geopháirc loch-bhunaithe soir agus siar le fócas turasóireachta ar iascaireacht, eachtraíocht, bia agus cultúr. Oibreodh sé go maith mar dhroichead idir na príomh-fheachtais thurasóireachta atá ag Slí an Atlantaigh Fhíáin agus Sean-Oirthear na hÉireann. Bheadh an teorainn gar do Chathair na Gaillimhe agus na bailte Mhaigh Eo de Chaisleán an Bharraigh agus Cathair na Mart, ag cinntiú cumas níos fearr, táirge turasóireachta níos soiléire agus ceangailt níos fearr leis na comhairlí chontae agus a bhfreagracht as a gcontaetha iomlána. Tá sé fada a dhóthain ó Gheopháirc Dhomhanda na mBoirne agus Aillte an Mhothair ionas nach gceapfaí go raibh iarthar na hÉireann ar fad mar Gheopháirc amháin.

D'oibreodh sé le cosúlachtaí le Geopháirc atá sa réigiún cheana féin i Loch Carra (www.loughcarra.org). Cé go bhfuil sé bunaithe ar éiceolaíocht an locha agus cladaigh an locha, tugann sé geolaíocht san áireamh agus tá éiteas aige atá cosúil le h-éiteas na Geopháirceanna UNESCO. Is obair dheonach ar fad é ach is sampla áitiúil iontach é ar chéard gur féidir a dhéanamh. Tá cuid shuntasach den rogha seo sa Ghaeltacht agus tá sé cothrom i nGaillimh agus Maigh Eo - d'fhéadfadh sé seo roghanna breise maoinithe a oscailt.

Míbhuntáistí

Ní bheadh Geopháirc loch-bhunaithe ag insint an scéal geolaíochta ar fad. D'fhéadfadh an t-ainm éiginnteacht a chruthú agus ní bheadh chuile dhuine sa réigiún den dtuairim ar a mbaint le Dúiche Sheoigheach. Tá sampla an-mhaith dó seo ag obair i nGeopháirc Áirse Mharmair i bhFear Manach agus An Cabhán. Choinnigh siad an t-ainm Geopháirc Áirse

